

# Comharchumann Thoraí Teo

## Oifigeach Pleanála Teanga

Tá post mar Oifigeach Pleanála Teanga á thairiscint ag Comharchumann Thoraí Teo.

Is é Comharchumann Thoraí Teo i gcomhar le Pleanáil Teanga Oileán Thoraí atá freagrach as an phlean teanga do LPT Thoraí a chur i bhfeidhm. Ullmhaíodh an plean mar chuid den phróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht agus i gcomhréir le forálacha Acht na Gaeltachta, 2012. Is plean seacht mbliana atá i gceist a bhfuil d'aidhm aige cur leis an líon cainteoirí laethúla Gaeilge san LPT. Is ar an Oifigeach Pleanála Teanga a bheidh an príomhfhreagracht an plean a chur i bhfeidhm.

Is post ar chonradh trí bliana atá á thairiscint agus d'fhéadfadh go gcuirfí leis an tréimhse sin. Beidh an té a cheapfar freagrach as cur i bhfeidhm bearta an phlean teanga. Beidh an té a cheapfar fostaithe ag Comharchumann Thoraí Teo agus freagrach don Cheanneagraíocht maidir le clár oibre aontaithe a fheidhmiú.

Duine cumasach a bhfuil taithí agus cáilíochtaí aige/aici i réimse oibre na pleanála teanga nó in ábhar gaolmhar atá á lorg.

Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine leis an taithí agus na cáilíochtaí seo a leanas:

- Ardchaighdeán Gaeilge, idir labhartha agus scríofa.
- Cáilíocht ábhartha tríú leibhéal sa réimse pleanála teanga nó in ábhar gaolmhar.
- Tuiscint agus taithí mhaith ar chúrsaí pleanála teanga, ar fhorbairt pobail agus i bplé le coistí/struchtúir phobail.
- Taithí i mbainistiú agus i gcur i gcrích tionscadal.
- Scileanna maithe cumarsáide, áisitheoireachta, comhordaithe agus idirphearsanta.
- Taithí i mbainistiú foireann oibre
- Eolas agus taithí ar bhainistiú airgeadais

Beidh an duine a cheapfar lonnaithe in oifigí Comharchuann Thoraí Teo.

Beidh 37 uair oibre sa tseachtain i gceist le cúraimí an phoist seo agus beidh freastal ar chruinnithe taobh amuigh de ghnáth uaireanta oibre mar chuid de na cúraimí sin. Beidh taisteal i gceist leis an phost, mar sin ní mór d'iarratasóirí ceadúnas tiomána oiriúnach a bheith acu.

Tá scála tuarastail ó €35,000 go €50,000 ag gabháil leis an phost chomh maith le scéim phinsin.

Tá an plean teanga don LPT le fáil ar shuíomh gréasáin [www.oileanthorai.com](http://www.oileanthorai.com)

Seoltar iarratas mar aon le Curriculum Vitae, roimh 5 a chlog Dé hAoine 12ú Márta 2021 chuig: Marjorie Uí Chearbhaill, An Bainisteoir, Comharchumann Thoraí Teo, Oileán Thoraí, Na Doirí Beaga, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall. Teil: 0749135502, 087-2280310 Ríomhphost: [ccthorai@gmail.com](mailto:ccthorai@gmail.com)

